Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 49/22**
Lucsamburg, 22 Márta 2022

Preas agus Eolas

Breithiúnais i gCásanna C-117/20
bpost agus C-151/20 Nordzucker agus páirtithe eile

# Carnadh imeachtaí agus pionós de chineál coiriúil i ndlí na hiomaíochta: tugann an Chúirt soiléiriú ar an gcosaint a thugtar le dlí an Aontais i gcoinne ionchoiriú dúbailte

Foráiltear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") mar seo a leanas: "Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí" (24, C-117/20). Le dhá bhreithiúnas an lae inniu, tugann an Chúirt breith ar raon feidhme na cosanta arna tabhairt leis an toirmeasc sin ar ionchoiriú dúbailte (ar a dtugtar an prionsabal *ne bis in idem* freisin) i ndlí na hiomaíochta.

## Cás bpost

Rinne dhá údarás náisiúnta fíneálacha a fhorchur i ndiaidh a chéile ar an gcuideachta bpost. I mí Iúil 2011, tar éis dó cinneadh a dhéanamh go raibh idirdhealú ag baint leis an gcóras lacáistí a bhí á chur i bhfeidhm ag bpost ó 2010 ar aghaidh i leith custaiméirí áirithe dá chuid, d'fhorchuir údarás rialála na hearnála poist pionós airgeadais EUR 2.3 milliún air (*10, C-117/20*). I mí an Mhárta 2016, chuir Cúirt Achomhairc na Bruiséile an cinneadh sin ar neamhní i mbreithiúnas a tháinig chun bheith críochnaitheach, [1] ar an bhforas nach raibh idirdhealú ag baint leis an gcleachtas praghsála a bhí i gceist.

I mí na Nollag 2012, rinne an t-údarás iomaíochta fíneáil EUR 37.4 milliún a fhorchur ar bpost as mí-úsáid ceannasachta mar gheall ar chur i bhfeidhm an chórais lacáistí idir mí Eanáir 2010 agus mí Iúil 2011. Rinne an chuideachta bpost agóid os comhair Chúirt Achomhairc na Bruiséile i gcoinne dhlíthiúlacht an dara nós imeachta sin i bhfianaise an phrionsabail *ne bis in idem*.

## Cás Nordzucker agus páirtithe eile

Rinne údarás iomaíochta na hOstaire achomharc os comhair Chúirt Uachtarach na hOstaire in imeachtaí maidir le dearbhú a fháil go ndearna Nordzucker, táirgeoir Gearmánach siúcra, sárú ar dhlí an Aontais i réimse na gcairtéal agus ar dhlí iomaíochta na hOstaire agus fíneáil a fhorchur ar Südzucker, táirgeoir eile Gearmánach siúcra as an sárú céanna. Tá na himeachtaí sin bunaithe, *inter alia*, ar chomhrá teileafóin inar phléigh ionadaithe an dá ghnóthas margadh siúcra na hOstaire (*16, 19, C-151/20*). Bhí an comhrá sin luaite ag údarás iomaíochta na Gearmáine, i gcinneadh atá tagtha chun bheith críochnaitheach. Sa chinneadh sin, dhearbhaigh an t-údarás sin gur sháraigh an dá ghnóthas sin dlí an Aontais agus dlí iomaíochta na Gearmáine agus d'fhorchuir sé pionós airgeadais EUR 195.5 milliún ar Südzucker.

Ag teacht le chéile di mar Mhór-Dhlísheomra, tugann an Chúirt dá haire, sa dá chás, go bhfuil cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* faoi réir coinníoll dúbailte: is gá, ar thaobh amháin, go bhfuil cinneadh roimhe seo ann atá tagtha chun bheith críochnaitheach (an coinníoll "*bis*") agus, ar

[1] Tugadh an breithiúnas sin i ndiaidh tarchur chun réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais (breithiúnas an 11 Feabhra 2015, bpost, C-340/13).

an taobh eile, go mbaineann an cinneadh roimhe seo leis na fíorais chéanna agus a mbaineann na himeachtaí nó na cinntí ina dhiaidh sin leo (an coinníoll "*idem*").

Sonraíonn an Chúirt, **i ndlí na hiomaíochta, agus in aon réimse eile de dhlí an Aontais, gurb é an critéar ábhartha chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an é an cion céanna atá ann ("*idem*") ná céannacht na bhfíoras ábhartha,** a thuigtear mar thacar d'imthosca nithiúla atá dodhealaithe óna chéile agus ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh go críochnaitheach an duine atá i dtrácht ar a mbonn. Luann sí na teorainneacha is féidir a chur le feidhmiú an chirt bhunúsaigh sin de réir dlí, amhail an teorainn a chuirtear leis an toirmeasc ar ionchoiriú dúbailte (an prionsabal *ne bis in idem*), má urramaítear inneachar sár-riachtanach na gceart sin leo, má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad go héifeachtach do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas.

**Cás bpost**

Dar leis an gCúirt, **ní thoirmeasctar** leis an gcosaint arna tabhairt leis an gCairt, i bhfianaise na féidearthachta chun cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* a theorannú, pionós a chur ar ghnóthas as **sárú ar dhlí na hiomaíochta** sa chás **go raibh sé ina ábhar** do chinneadh críochnaitheach **cheana féin** i leith **sárú ar reachtaíocht earnáilsonrach** (mar shampla, reachtaíocht na hearnála poist lena rialaítear gníomhaíochtaí bpost). Tá an carnadh imeachtaí agus pionós sin **faoi réir rialacha soiléire agus beachta** a bheith ann lenar féidir a thuar cé na gníomhartha agus na neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith faoina réir, **chomh maith leis an gcomhordú idir an dá údarás inniúla**. Thairis sin, ní mór an dá nós imeachta a bheith seolta ar bhealach sách comhordaithe **laistigh de thréimhse ghearr** agus **ní mór d'iomlán na bpionós arna bhforchur a bheith ag freagairt do thromchúis na gcionta a rinneadh** (*58, 51, C-117/20*). **Ina mhalairt de chás, bheadh idirghabháil an dara húdarás poiblí ina sárú ar an toirmeasc ar ionchoiriú dúbailte.**

**Cás Nordzucker**

Dar leis an gCúirt, **ní thoirmeasctar** leis an bprionsabal *ne bis in idem* ar údarás iomaíochta de chuid Ballstáit imeachtaí a thabhairt i gcoinne gnóthais agus fíneáil a fhorchur air as sárú, mar gheall ar **iompar** a raibh **cuspóir nó éifeacht fhrithiomaíoch** aige **i gcríoch an Bhallstáit sin**, sa chás **gur luaigh** údarás iomaíochta d**e Bhallstát eile** an t-iompar sin **cheana féin i gcinneadh críochnaitheach**. Sonraíonn an Chúirt, áfach, **nach ceart don chinneadh sin a bheith bunaithe ar chinneadh go bhfuil cuspóir nó éifeacht fhrithiomaíoch ar chríoch an chéad Bhallstáit** (*58, C-151/20*). Más amhlaidh atá, áfach, dá dtionscnódh a**n dara húdarás iomaíochta imeachtaí i ndail leis an gcuspóir nó éifeacht sin, bheadh sin ina shárú ar an toirmeasc ar ionchoiriú dúbailte.**

Baineann an cheist dheireanach sa chás seo le hinfheidhmeacht an phrionsabail *ne bis in idem* i leith nós imeachta i dtaca le clár trócaire a chur i bhfeidhm, i gcás nár forchuireadh fíneáil (*mír 88 de Thuairim AG Bobek C-15120*). I ndáil leis sin, sonraíonn an Chúirt go bhfuil feidhm ag an bprionsabal *ne bis in idem* i ndáil le nós imeachta um fhorghníomhú dhlí na hiomaíochta, i gcás, mar gheall ar rannpháirtíocht an pháirtí lena mbaineann sa chlár náisiúnta trócaire, nach féidir ach sárú ar an dlí sin a dhearbhú (*67, C-151/20*).

---

**NÓTA**: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán na mbreithiúnas agus na résumés (C-117/20 agus C-151/20) ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*